**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2007***

# Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar 1

170 MARC

**Déardaoin**
**7 Meitheamh**
**Tráthnóna, 1.30 go dtí 4.20**

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

**FREAGAIR CEIST 1 (*leathanach 3*) AGUS**
**CEIST 2 (*na leathanaigh 4-7*)**

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*

*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

# Ceist 1

## CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B, C nó D*** anseo thíos.
*Nóta: Ní gá dul thar 500-600 focal nó mar sin i gcás ar bith.*

### A –AISTE– 100 marc

Scríobh AISTE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) An t-athrú ar aeráid na cruinne – an bhfuil an toil ann é a stopadh?
(b) "Is santach agus is mímhacánta an dream iad an t-aos óg." É sin a phlé.
(c) TG4 – súil eile ar an saol trí Ghaeilge.

### B –SCÉAL– 100 marc

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Is fearr cara ná ór.
(b) Tacaíocht.

### C –ALT NUACHTÁIN / IRISE– 100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Thug tú cuairt le déanaí ar theach banaltrais do sheandaoine i do cheantar féin agus chuir tú agallamh ar roinnt seandaoine ann.
Scríobh alt, bunaithe ar na hagallaimh sin, d'iris na scoile.

(b) Chuir tú agallamh ar dhuine as do cheantar féin a chaith tréimhse ag obair in áit ar tharla drochthubaiste nádúrtha ann.
Scríobh alt, bunaithe ar an agallamh sin, d'iris na scoile.

### D –DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID– 100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh: "Níl smacht níos mó ag daoine ar a saol".

(b) Is Stiúrthóir tú ar eagraíocht in Éirinn a chabhraíonn le *daoine gan dídean*. Tá tú chun labhairt mar aoi-chainteoir ag comhdháil idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath faoin bhfadhb seo in Éirinn. Scríobh *an óráid* a thabharfá ann.

# Ceist 2

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** ar na leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall) *agus* **B** ar na leathanaigh 6 agus 7.

### A –35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**

## Ealaín in Aghaidh an Chéasta

**1.** Cuireadh deireadh le déanaí le taispeántas suimiúil ealaíne i gCathair na Gaillimhe. "The Human Rights Painting Project" an teideal a bhí air. An t-ealaíontóir Meiriceánach Tom Block a rinne na portráidí don taispeántas. Bhí Amnesty International agus an tIonad Éireannach um Chearta an Duine i nGaillimh páirteach in eagrú an taispeántais seo. Ba é an aidhm a bhí leis poiblíocht a thabhairt don choimhlint atá ar siúl ar son cearta daonna ar fud an domhain. Phéinteáil Tom Block portráidí de na laochra a oibríonn ar son cearta daonna. Chomh maith leis sin, chruthaigh sé portráidí scanrúla de ghnáthdhaoine atá ag fulaingt fós faoi ansmacht deachtóirí. Ach an rud a tharraingíonn suntas ar leith ar an taispeántas seo gur chroch Block na portráidí de na laochra agus de na gnáthdhaoine seo taobh le portráidí de na deachtóirí a mharaigh agus a chéas iad.

**2.** Tá Aung San Suu Kyi le feiceáil i measc na bportráidí. Bean as Burma í, atá ina príosúnach le fiche bliain anuas mar gur éiligh sí cearta daonna agus daonlathas dá tír nuair a ghabh an t-arm cumhacht sa tír sin i 1988. Sa bhliain chéanna sin, mar cheannaire ar ghluaiseacht na saoirse sa tír, d'eagraigh sí oll-léirsiú ar son na saoirse. Cuireadh faoi chois go fuilteach é agus maraíodh na mílte ar an ócáid sin. Rinneadh príosúnach de Suu Kyi ina teach féin. Thug an tIarthar tacaíocht dá cás. Bronnadh Duais Nobel na Síochána ar Suu Kyi in 2000 agus in 2005 bronnadh saoirse Chathair na Gaillimhe uirthi. Cuireadh smachtbhannaí troma eacnamaíochta ar Bhurma le cead na Náisiún Aontaithe agus bhí an chuma ar an scéal go mbeadh toradh fónta orthu. Ach ansin tharla tubaiste 9/11 agus na cogaí in aghaidh na sceimhlitheoireachta a d'fhógair Meiriceá ina dhiaidh. Bhí namhaid níos fíochmhaire anois le cloí ag rialtas Mheiriceá agus cúis níos práinní le cur chun cinn acu; cailleadh suim i gcás Suu Kyi agus sa deachtóireacht i mBurma.



**3**. Níl portráid Uachtarán Bush Mheiriceá sa taispeántas ann, cé go bhfuil sé admhaithe ag rialtas Mheiriceá go bhfuil a gcuid seirbhísí rúnda slándála ag gabháil daoine nach bhfuil coir ar bith curtha ina leith agus á dtabhairt go campaí géibhinn rúnda. Is minic a dhéantar céasadh orthu sna campaí sin. Tá stáit ar fud an domhain ag cur brú ar rialtas Bush campa géibhinn Chuan Guantanamo a dhúnadh. Ag deireadh 2006 chuir Seanad Mheiriceá srian le haidhm rialtas Bush príosúnaigh Guantanamo a chur ar a dtriail os comhair cúirteanna míleata ansin. Is mó an brú atá á chur ar rialtas Mheiriceá ó chaill páirtí Bush (na Poblachtánaigh) smacht ar an dá theach rialtais sa toghchán mí na Samhna seo caite. Ach ní éisteann an tUachtarán Bush le hargóintí bunaithe ar an réasún ná ar an dlí.

**4.** Eolas a scaipeadh agus coinsias an domhain a mhúscailt, sin iad na fáthanna leis an tionscadal seo dar le Tom Block. Tá cuid mhór de phobal an domhain róghnóthach lena gcúraimí féin le bacadh le hobair Amnesty. Níl an t-am acu a bheith buartha faoi phríosúin rúnda, faoi mhí-úsáid aerfort na Sionainne, faoi chearta daonna. Tá sé soiléir mar shampla go bhfuil cuid mhór de phobal Mheiriceá fós aineolach faoin Iaráic. Leagtar an milleán as an easpa spéise seo ar na gréasáin náisiúnta teilifíse a thugann cuntas claonta ar an nuacht go minic, agus ar na comhlachtaí beaga raidió agus teilifíse ar fud lár agus Iarthar Mheiriceá nach gcuireann suim ar bith i gcúrsaí nuachta lasmuigh dá ndúiche féin. Dar leis an Ollamh William Schabus, ón Aonad Éireannach um Chearta an Duine in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh, tá fórsaí Mheiriceá ag cur le fadhb na sceimhlitheoireachta. De bharr iompar Mheiriceá, bailíonn óglaigh isteach sna hairm sceimhlitheoireachta sa Mheán Oirthear le *djihad* a chur ar an Iarthar; tugann sé misneach do dheachtóirí an bhrúidiúlacht chéanna a úsáid; ní bhíonn meas níos mó ar an dlí idirnáisiúnta.

**5**. Sa ráiteas a rinne Block nuair a d'oscail sé an chéad taispeántas den tionscadal in Washington D.C. dúirt sé go bhfeictear na gnéithe is fearr agus is measa den nádúr daonna sna portráidí seo. Tá na bithiúnaigh chomh flúirseach céanna leis na laochra sa taispeántas seo. Le linn dúinn a bheith ag breathnú orthu ritheann ceisteanna míchompordacha linn: cén dream acu, na laochra nó na bithiúnaigh, is fearr a léiríonn an cine daonna; cén dream díobh a bhfuil muid féin cosúil leo? Agus ceist eile níos práinní fós, ceist a théann go smior i bhfianaise na dtuairimí contrártha a nochtar faoi: maidir leis an Uachtarán Bush, an laoch é atá ag cosaint na saoirse nó bithiúnach é atá ag brú cearta daonna faoi chois?



Bunaithe ar dhá alt in *Foinse* le Alex Hijmans agus ar www.tomblock.com/amnesty

## *Ceisteanna*

**1** (a) Cén aidhm a bhí leis an taispeántas seo? (Alt 1) (3 mharc)

(b) Cén rud atá suntasach faoin taispeántas seo? (Alt 1) (4 mharc)

**2.** (a) Cén fáth gur príosúnach í San Suu Kyi le fiche bliain anuas ? (Alt 2) (3 mharc)

(b) Cén tionchar a bhí ag eachtraí 9/11 ar an tacaíocht a thug an tIarthar do chás Suu Kyi? (Alt 2) (4 mharc)

**3.** (a) Cad atá ar siúl ag seirbhísí rúnda Mheiriceá ? (Alt 3) (3 mharc)

(b) Cén fhianaise atá ann nach bhfuil pobal Mheiriceá ag tacú go hiomlán leis an Uachtarán Bush sna cúrsaí seo? Luaigh **dhá** phointe. (Alt 3) (4 mharc)

**4.** (a) Cén fáth nach gcuireann daoine níos mó suime in obair Amnesty? (Alt 4) (3 mharc)

(b) Cén chaoi a bhfuil fórsaí Mheiriceá ag cur le fadhb na sceimhlitheoireachta dar leis an Ollamh Schabus ? Luaigh **dhá** phointe. (Alt 4) (4 mharc)

**5.** (a) Cén dá rud a fheictear sna portráidí dar le Tom Block? (Alt 5) (3 mharc)

(b) Cén cheist a théann go smior? (Alt 5) (4 mharc)

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **B** ar na leathanaigh 6 (thíos) agus 7 (thall).

**B** –35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**


# Ag Foghlaim ó Mheiriceá

**1.** In iarthuaisceart Vermont atáimid, turas fiche nóiméad i ngluaisteán ó theorainn Quebec. Tá mé féin agus mo chara taistil anseo inniu le seisiún comhrá a bheith againn le scata príosúnach a bhfuil spéis ar leith acu i gcúrsaí scríbhneoireachta. Tugann mo chara cuairt rialta ar an bpríosún anseo agus, toisc gur de bhunadh Éireannach é féin, d'éirigh leis suim na bpríosúnach seo a mhúscailt in Éirinn agus i litríocht na hÉireann. Aonad oscailte go maith é an príosún seo, nó an t-aonad smachtúcháin mar a thugtar air i gcaint na Stát Aontaithe. Tá slí ag na Meiriceánaigh anseo chun an chealg a bhaint as an saol le focail.

**2.** Treoraítear isteach i seomra muid a bhfuil cúigear príosúnach ann. Tugaim faoi deara ar a gcuid ceisteanna go bhfuil éirim agus tuiscint neamhchoitianta ag cuid acu, géarchúis institiúideach nach scaoileann faic liom. Léann siad an t-uafás litríochta. Ní thugann siad a gcuid ama ag stánadh ar an teilifís, ag ligean dá meon titim chun feola. Is maith leo éisteacht le dánta i dteangacha iasachta. Is maith leo go léifí dóibh iad os ard, ina láthair, agus na fuaimthonnta teanga á ngabháil chucu acu. Nuair a deir duine acu go dtuigeann sé dán glacaim leis go dtuigeann. Ní haon phioc de mo ghnó é a fháil amach cad a thug isteach iad, agus mar sin ní thugaim breith orthu. Dúnmharfóirí, éigneoirí, robálaithe armtha, nach cuma ar deireadh cad a rinne siad? Táimid faoin aon díon amháin istigh sa seomra seo, faoin aon díon amháin amuigh sa saol mór, agus ceangal na daonnachta eadrainn dá dtuigfimis i gceart é. Agus mé ag fágáil an phríosúin braithim gur fiú a bheith ag léamh dánta do phríosúnaigh.

**3.** Tar éis an príosún a fhágáil leanaimid bealach an bhóthair iarainn ó thuaidh i dtreo chathair Bhurlington le hais Loch Champlain. Ba iad na hÉireannaigh a thóg an bóthar iarainn seo i lár na 1830í. Nuair a shroichim cathair Bhurlington téim ag lorg eolais faoi na hÉireannaigh réamh-Ghorta seo sa chartlann in oifig an *New England Magazine*, agus geitim nuair a léim cuntas fúthu a scríobh an scríbhneoir Meiriceánach Nathaniel Hawthorne sa bhliain 1835. Tá focail Hawthorne lán le maslaí do na hÉireannaigh bhochta seo. Sa sliocht beag seo a leanas faightear éirim an mheoin a bhí aige ina leith:

*Ní thagann stad ar na hÉireannaigh ag brúchtaíl anuas abhainn an St Lawrence, treibheanna do-áirithe díobh. Cuireann siad fúthu i mbotháin shuaracha nó bíonn siad ag fálróid go leisciúil timpeall ar shráideanna na cathrach. Brúnn siad as a mbealach ár ndúchasaigh féin san iomaíocht faoi gach aon saghas obair sclábhaíochta… Is mó is suim leo an t-uisce beatha ná an bia féin lena gclann a chothú.*



***Nathaniel Hawthorne***

**4.** Nach fada siar a théann fréamhacha an chiníochais? Tá siad ionainn féin. Tá siad in Éirinn. Tá siad i Meiriceá. Nuair a léim Hawthorne inniu agus nuair a chuimhním siar ar na sluaite Éireannacha réamh-Ghorta sin ar scríobh sé fúthu, is sásamh croí dom go raibh siad sona agus go raibh cuma na sláinte orthu agus iad amuigh ag aeraíocht dóibh féin. Braithim go bhfuil a ngol agus a ngáire fós ar an aer le hais Loch Champlain. In Éirinn inniu tá inimircigh ag brúchtaíl isteach trí na haerfoirt agus trí na calafoirt ó Oirthear na hEorpa agus ón Afraic ag iarraidh slí bheatha a fháil dóibh féin. An bhfuil breith á tabhairt orthu mar a thug Hawthorne ar ár muintir fadó in Vermont? An bhfuil na smaointe diúltacha, naimhdeacha céanna fúthu inár n-aigne againn is a bhí ag Hawthorne faoi na Gaeil fadó? Is ceisteanna iad sin a fhágann buartha agus míshuaimhneach mé.

# **Ceist 2** *ar leanúint*

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **B** *(ar leanúint)* anseo thíos.

### **B** *ar leanúint*

**5.** Ar mo bhealach abhaile suíonn bean mheánaosta taobh liom san eitleán. Ó Iarthar na hÉireann di agus í ag filleadh abhaile tar éis cuairt a thabhairt ar thriúr mac agus iníon léi i bpríomhchathair Iarthar na hÉireann, Boston. Tá sí fíorbhródúil astu. Tógálaí é duine dá clann mhac thall, a oibríonn ó dhubh go dubh. Tá Rúisigh ag obair aige agus a shaibhreas déanta aige agus gan aige ach ocht mbliana agus tríocha. Cuireann sí ag smaoineamh mé ar an méid a dúirt státseirbhíseach ón bhFrainc go gearánach liom le déanaí – gur stát de chuid na Stát Aontaithe anois í Éire. Braithim go bhfuil an ceart aige agus nach bhfuil aon dul uaidh. Ach cén dochar? Fuair mórán de chlann mo thuismitheoirí tearmann agus pá lae sna Stáit Aontaithe agus iad ag éalú ó shaol gortach in Éirinn sna 1930í, 40í agus 50í. Is é an dúshlán dúinn anois agus muid beo i ré an tsaibhris agus an rachmais ná caitheamh go cóir agus go cothrom leo siúd a lorgaíonn slí bheatha inár measc.




Bunaithe ar ailt le Liam Ó Muirthile ina leabhar *Ar an bPeann*

### *Ceisteanna*

**1.** (a) Cén t-ábhar a bheidh á phlé ag an údar leis na príosúnaigh ? (Alt 1) (3 mharc)

(b) Cén léargas a thugann an nath "aonad smachtúcháin" ar mheon na Meiriceánach? (Alt 1) (4 mharc)

**2.** (a) Conas a léiríonn na príosúnaigh go bhfuil siad éirimiúil? (Alt 2) (3 mharc)

(c) Cén fáth nach bhfuil an t-údar sásta breith a thabhairt ar na príosúnaigh? Luaigh **dhá** phointe. (Alt 2) (4 mharc)

**3.** (a) Cén rian a d'fhág na hÉireannaigh ar an gceantar timpeall ar Loch Champlain? (Alt 3) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** rud mhaslacha a bhí ag Hawthorne ina chur síos in 1835 ar na hÉireannaigh sa cheantar seo. (Alt 3) (4 mharc)

**4.** (a) Cén 'sásamh croí' a bhain an scríbhneoir as focail Hawthorne? (Alt 4) (3 mharc)

(b) Cén chosúlacht a fheiceann an t-údar idir Vermont 1835 agus Éire an lae inniu? Luaigh **dhá** phointe. (Alt 4) (4 mharc)

**5.** (a) Cén fáth, dar leat, a dtugann an t-údar "príomhchathair Iarthar na hÉireann" ar Bhoston? (Alt 5) (3 mharc)

(b) Cén chomhairle a chuireann an t-údar orainn i gcás na n-inimirceach in Éirinn? (Alt 5) (4 mharc)

# Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
| --- |
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2007***

| Stampa an Ionaid |
| --- |
| |

# *Gaeilge Ardleibhéal*

## Triail Chluastuisceana

100 MARC

**Déardaoin, 7 Meitheamh**
**Tráthnóna, 4.30 go dtí 5.10**

| *Don Scrúdaitheoir* | | | | | |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| **CUID A** | | **CUID B** | | **CUID C** | |
| Ceist | Marc | Ceist | Marc | Ceist | Marc |
| 1 | | 1 | | 1 | |
| 2 | | 2 | | 2 | |
| 3 | | 3 | | 3 | |
| Iom. | | Iom. | | Iom. | |

| *Na hIomláin* | |
| --- | --- |
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **Gaeilge** | |
| **Móriomlán** | |

# *Treoracha d'iarrthóirí*

***Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.***

# *Cuid A*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** d'fhógraí raidió sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cén dáta a mbeidh an clár nua ag tosú?

______________________________

**(b)** Cén t-ainm a bheidh ar an gclár nua ar TG4?

______________________________

**2.** Cén rud difriúil a bhainfidh leis an gclár seo?

______________________________

**3.** **(a)** Cén áit óna gcraolfar an chéad chlár?

______________________________

**(b)** Luaigh **rud amháin** a bheidh ar an gclár seo gach seachtain.

______________________________

## FÓGRA A DÓ

**1.** Cá háit a seolfaidh an Taoiseach an bróisiúr eolais?

______________________________

**2.** **(a)** Cé atá i bpáirt le TG4 san fheachtas seo?

______________________________

**(b)** Luaigh **rud amháin** a dhéanann TG4 don chomórtas seo?

______________________________

**3.** **(a)** Cén post atá ag Pól Ó Gallchóir?

______________________________

**(b)** Cé mhéad duine a bheidh ag féachaint ar na cluichí seo in 2007?

______________________________

## FÓGRA A TRÍ

**1.** Cé dóibh na ranganna Gaeilge seo?

______________________________

**2.** (a) Luaigh dream amháin a mbeidh na ranganna seo ag freastal orthu?

______________________________

(b) Cé mhéad uair an chloig de ranganna a bheidh sa chúrsa ar fad?

______________________________

**3.** **(a)** Cén táille a bheidh le híoc as an gcúrsa?

______________________________

**(b)** Cá bhfuil eolas le fáil faoi na ranganna seo?

______________________________

# Cuid B

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **trí huaire**.
Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá mhír*** é. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

## COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén t-am den bhliain a mbeidh an cluiche seo ar siúl?

______________________________

**2.** Cé uaidh a fuair Pádraig na ticéid?

______________________________

**3.** Cén fáth ar ócáid stairiúil í seo, dar le Pádraig?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cén fáth ar lorg Cumann Lúthchleas Gael táille ard as an gcluiche, dar le Pádraig?

______________________________

**2.** **(a)** Cé mhéad airgid a fuair Cumann Lúthchleas Gael ón rialtas, dar le hEithne?

______________________________

**(b)** Cén toradh a bheidh ar an gcinneadh seo, dar le Pádraig?

______________________________

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén fáth a bhfuil sé deacair píosa cainte a dhéanamh le Niamh, dar le Liam?

**2.** Cén leabhar atá á léamh ag Niamh faoi láthair?

**3.** **(a)** Cén saghas leabhar is fearr le Liam?

**(b)** Cén t-ábhar is fearr le Niamh sna leabhair a léann sí?

***An Dara Mír***

**1.** Cén t-eolas atá le fáil as na leabhair a léann Liam, dar leis?

**2.** **(a)** Cad a bhíonn á lorg ag na fir i gcónaí, dar le Niamh?

**(b)** Cad a deir Niamh faoin triúr ban sa rialtas deireanach?

**3.** Cén rud a tharlóidh anseo in Éirinn go luath, dar le Niamh?

## COMHRÁ A TRÍ

***An Chéad Mhír***

**1.** **(a)** Cén rud a chuireann iontas ar Mháire na laethanta seo?

**(b)** Luaigh **dhá** áis bhreátha atá ag na pictiúrlanna anois, dar le Séamas?

**2.** Cén fáth nach féidir taitneamh a bhaint as scannán ar an teilifís, dar le Séamas?

***An Dara Mír***

**1.** Luaigh **dhá** rud a deir Máire faoi scannáin mar *Troy* nó *Titanic*.

2. Cad a dhéanann scannán maith, dar le Máire?

**2.** Cad a tharlaíonn do Mháire agus í ag féachaint ar scannán ar an teilifís, dar le Séamas?

# Cuid C

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## PÍOSA A hAON

**1.** Cad a d'aistrigh Muiris Sionóid go Gaeilge dá leabhar "Rotha Mór an Ghrá"?

______________________________

**2.** **(a)** Cén post a bhíodh ag Muiris Sionóid?

______________________________

**(b)** Cén tAire a sheol an leabhar?

______________________________

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cén foirgneamh a osclaíodh le déanaí i gcathair na Gaillimhe?

______________________________

**2.** Luaigh **rud amháin** faoin bhfoirgneamh a moladh go mór lá na hoscailte?

______________________________

**3.** **(a)** Cá raibh dealbh Phádraic Uí Chonaire sular bogadh go dtí an foirgneamh nua seo í?

______________________________

**(b)** Cén bhaint atá ag Micheál D. Ó hUiginn leis an bhfoirgneamh nua seo?

______________________________

## PÍOSA A TRÍ

**1.** Cén saghas báid *An Naomh Bairbre*?

______________________________

**2.** Cé mhéad míle slí a bhí sa turas ó Chicago go Cé Leitir Móir?

______________________________

**3.** Cé mhéad duine a bhí ar an bhfoireann a sheol an bád go hÉirinn?

______________________________